GX902

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

SCRÚDUITHE AN tSAMHRAIDH 1999

DÁMHA NA NDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

AN CHÉAD BHLIAIN

NUA-GHAEILGE

An Chéad Pháipéar

Alan Titley
Mícheál Mac Craith
Gearóid Denvir

Trí huaire an chloig a cheadófar.
Gach ceist as **Roinn A** agus **dhá cheist** as **Roinn B** le freagairt.
Úsáid freagarleabhar ar leith do gach roinn.

Roinn A

1. Scríobh aiste*ghearr* ar ábhar amháin acu seo (gan dul thar 3 leathanach):

(a) Ainneoin an Tíogair Cheiltigh níl saol bog ag an aos óg inniu.

(b) Tá deireadh le ré an leabhair i saol seo na teilifíse.

(c) Cén mhaith oideachas ollscoile i saol na linne seo?

(d) Mairg a bheadh gan chara.

2. Aistrigh an sliocht seo a leanas go Gaeilge:

I really like the new computer game that you bought during your holidays in England. I could spend all day sitting in front of the screen playing it. The thing I most like about it is that you must use your own mind and power of thought in order to play it. I do not like games that are based on killing your enemies because there is too much violence in the world we live in. I will sit down with my children during the long winter nights and we will learn the rules of the game together. Of course, the young ones will be much better than me at this because the new technology does not frighten them. Indeed, if I were young again the first thing I would do would be to buy a computer for myself and then I would be as modern as everyone else.

Roinn B An tÚrscéal

3. Éiríonn thar barr le *Greenhorn* toisc go léiríonn sé na tréithe is fearr is dual don scéinséir deascríofa. Pléigh.

nó

Cé gurb é Muiris Ó Fiannachta an príomhcharachtar in *Greenhorn* ní haon laoch é. Pléigh.

nó

Fiú más leabhar taitneamhach é *Greenhorn*, ní féidir a shéanadh nach bhfuil sé saor ó locht. Do bharúil faoi sin.

4. An dóigh leat gur tábhachtaí gné an teagaisc ná an scéal féin in *Gafa*?

nó

Bíodh gurb é Eoin an príomhcharachtar in *Gafa* is mó i bhfad an bhá atá againn le hEithne. Do thuairim faoi sin.

nó

Dhá thaobh den bhonn céanna iad Eoin agus Breandán. An dtagann tú leis an mbreithiúntas sin faoi *Gafa*?

5. Is iad an anchúinseacht **NÓ** na tréanmhothúcháin na tréithe is suntasaí a bhaineann le *Deoraíocht*. Pléigh.

nó

Scríobh aiste ar *Deoraíocht* mar shaothar eispreisiúnach.